


An Rialálaí
Carthanas
Charities
Regulator

An Rialálaí Carthanas An Chéad Ráiteas Straitéise

2016-2018





An Rialálaí
Carthanas
Charities
Regulator

An Rialálaí Carthanas
An Chéad Ráiteas Straitéise
2016-2018

Brollach ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

Tá an Rialálaí Carthanas freagrach as gach carthanas a dhéanann gníomhaíochtaí in Éirinn a chlárú agus a rialáil. Bunaíodh é i mí Dheireadh Fómhair 2014, agus é de dhualgas air carthanais na hÉireann a rialáil de réir an Achta Carthanas 2009.

Tá áthas orainn an chéad Ráiteas Straitéise ón Rialálaí a chur i láthair anois. Baineann an Ráiteas seo leis an tréimhse idir 2016 agus 2018. Leagtar amach ann an dóigh a bhfuil sé beartaithe ag an Rialálaí an sainchúram atá air a chomhlíonadh thar na trí bliana sin agus na tosaíochtaí atá sainaitheanta againn don tréimhse.

Imríonn carthanais na hÉireann ról ríthábhachtach inár sochaí agus cuireann siad leas pobail ar fáil ar bhealach éagsúla do phobail in Éirinn agus ar fud an domhain. Tá sé an-tábhachtach do charthanais go bhfuil iontaobh agus muinín ag an bpobal astu toisc go bhfuil siad ann chun leas pobail a chur ar fáil agus toisc go dtiomsaíonn cuid mhór díobh cistí ón bpobal chun freastal ar chostas a n-oibre carthanúla. Tá laghdú tagtha le blianta beaga anuas ar an leibhéal iontaoibhe atá ag an bpobal as carthanais. Tá laghdú gaolmhar ann ar shíntiúis freisin. Má tá siad chun iontaoibh an phobail a bhaint amach an athuair agus a chothú, is gá do charthanais ardchaighdeán rialachais agus chuntasachta a thaispeáint dá ndeontóirí, dá dtairbhíthe agus don phobal mór.

Tá ról tábhachtach ag an Rialálaí freisin maidir le hiontaoibh agus le muinín an phobail as carthanais a mhéadú trí rialáil atá éifeachtach agus comhréireach a dhéanamh orthu. Tá sé mar aidhm ag an Rialálaí Carthanas a bheith ina rialálaí atá nua-aimseartha, láidir agus solúbtha. Tá sé beartaithe againn an dlí a chur chun feidhme ionas go mbeidh muinín ag an bpobal as an dea-obair a dhéantar gach lá. Ba cheart cosaint agus spreagadh a thabhairt do **Dhea-Dhaoine** a bhíonn i mbun **Dea-Obair** chun leas an phobail. Mar rialálaí, tá sé mar aidhm againn an dlí a fhorfheidhmiú ionas go n-éireoidh le dea-charthanais.

Cuirfidh an Rialálaí Carthanas rialáil éifeachtach láidir ar fáil ar bhealach trédhearcach, cuntasach agus comhréireach, agus é ag díriú acmhainní agus iarrachtaí ar na réimsí is airde riosca. Is é an aidhm atá againn go gcomhlíonfaidh gach carthanas an dlí agus go gcuirfear an t-ualach íosta rialála orthu déanamh amhlaidh. Ba mhaith linn go mbainfeadh carthanais comhlíonadh amach a ghasta is féidir chun go ndíreofar an méid uasta iarrachta ar úsáideoirí seirbhíse agus ar thairbhíthe. Tabharfaimid aghaidh ar ár ngníomhaíochtaí comhlíonta ar bhonn contanaim, oiriúnóimid ár n-idirghabhálacha rialála chun bheith éifeachtach, agus aird á tabhairt ar éagsúlacht san earnáil, agus coinneoimid an bhéim ar phríomhspríoc an Rialálaí ag an am céanna – is é sin, go gcomhlíonfaidh carthanais an dlí agus a n-oibleagáidí reachtúla.

Agus an ról sin á chomhlíonadh againn, oibrímid chun tacú le hiontaobhaithe carthanas a n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh agus déanaimid bearta chun dul i ngleic le neamh-chomhlíonadh nuair is gá. Cuirimid an dea-chleachtas chun cinn agus, ag an am céanna, féachaimid leis na luachanna agus leis na cleachtais a chuirimid chun cinn a léiriú agus a chinntiú go n-oibrímid de réir ardchaighdeán rialachais, chuntasachta agus trédhearcachta inár n-eagraíocht féin.

Thar an gcéad trí bliana eile, déanfaimid Clár na gCarthanas a chomhdhlúthú agus a fhorbairt tuilleadh agus méadóimid an méid faisnéise atá ar fáil do dheontóirí, do thairbhíthe agus don phobal i gcoitinne faoi charthanais chláraithe. Cabhróidh an obair sin le cuntasacht na hearnála carthanas a neartú agus beidh sí ina foinse luachmhar faisnéise do chomhlachtaí a chistíonn carthanais, do dheontóirí agus do thairbhíthe.

Oibreoidimid freisin chun forbairt a dhéanamh ar an ról atá againn maidir le tacú leis an dea-chleachtas i rialachas agus i riarachán carthanas, maidir le cúnaimh a thabhairt d'iontaobhaithe carthanas a n oibleagáidí a thuiscint agus a chomhlíonadh, agus maidir le freagairt d'ábhair imní a chuirtear in iúl faoi charthanais.

Thar an chéad trí bliana eile freisin, déanfar tuilleadh forbartha eagrúcháin ar ról an Rialálaí mar eagraíocht foghlama a dhéanann caidreamh gníomhach leis an earnáil a rialálann sí agus a lorgaíonn bealaí i gcónaí chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse laistigh de na hacmhainní atá ar fáil di. Tráth ghlacadh na Straitéise, bhíomar díreach tar éis sraith de 23 cheardlann faisnéise a chur ar fáil do charthanais ar fud na tíre, nithe ar fhreastail thart ar 1,700 duine aonair ó 1,200 carthanas éagsúil orthu.

Táimid ag tnúth le caidreamh ríthábhachtach a choinneáil lenár leas-sealbhóirí uile de réir mar a dhéanaimid an obair sin.

Patrick Hopkins
Cathaoirleach
Meitheamh 2016

John Farrelly
Príomhfheidhmeannach
Meitheamh 2016


Comhthéacs Oibriúcháin

Tá an Rialálaí Carthanas freagrach as gach carthanas in Éirinn a chlárú agus a rialáil. Tá eanáil carthanas bríomhar agus éagsúil againn in Éirinn, áit a bhfuil grúpaí pobail áitiúil, scoileanna, ollscoileanna, eaglaisí, amharclanna agus músaeim, soláthraithe cúram sláinte, eagraíochtaí forbartha idirnáisiúnta agus cuid mhór comhlachtaí eile a sholáthraíonn leas pobail ar raon leathan bealaí. Déanann carthanas na hÉireann rannchuidiú ollmhór maidir le pobail anseo in Éirinn agus ar fud an domhain araon. Athraíonn siad beatha daoine trína gcuid oibre. Tá sé an-tábhachtach do charthanas go bhfuil iontaoibh agus muinín ag an bpobal astu, go háirithe dóibh sin a fhaigheann cuid dá n-ioncam i bhfoirm síntiús ón bpobal. Le blianta beaga anuas, áfach, tá laghdú tagtha ar iontaoibh agus ar mhuinín an phobail as carthanas. Tá ionchais mhéadaithe ann ar thaobh cisteoirí poiblí agus príobháideacha go n-oibreoidh carthanas chun feabhas a chur ar a éifeachtúlacht atá siad, ar an luach ar airgead a sholáthraíonn siad, agus ar a gcuntasacht. Tá ról le himirt ag an Rialálaí maidir le hiontaoibh an phobail as carthanas a athfhorbairt trí rialáil éifeachtach agus chomhréireach a thacaíonn le hardchaidreamh.

Leas-sealbhóirí

Is casta atá an timpeallacht ina n-oibrímid, áit a bhfuil a lán dearcóidí agus gníomhaithe difriúla. Léirítear cuid den chastacht sin i bhFíor 1 thíos. Ceithre príomhghníomhaí laistigh dár dtimpeallacht is ea na carthanas féin, na tairbhíthe a bhfreastalaíonn siad orthu, an pobal i gcoitinne, agus an Rialtas (go háirithe an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais).

Fíor 1 – Ár dtimpeallacht Leas-Sealbhóirí



Oibreimid chun an tuiscint atá againn ar gach leas-sealbhóir agus ár gcuidreamh leo a fhorbairt le linn na tréimhse a chuimsíonn an Ráiteas Straitéise seo.

Maidir Linne

Is údarás reachtúil neamhspleách é an Rialálaí Carthanas. Bunaíodh é sa bhliain 2014 faoin Acht Carthanas 2009 agus leagadh na feidhmeanna reachtúla seo a leanas air:

- Iontaobh agus muinín an phobail as bainistiú agus riaradh iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla a mhéadú,
- Comhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i rialú agus bainistiú iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla,
- Úsáid éifeachtach maoinne iontaobhas carthanúil nó eagraíochtaí carthanúla a chur chun cinn,
- Cuntasacht eagraíochtaí carthanúla do dheontóirí agus do thairbhíthe bronntanas carthanúil, agus don phobal, a chinntiú,
- Tuiscint a chur chun cinn ar an gceanglas gur chun leas an phobail a bheidh aidhmeanna carthanúla,
- Clár d'eagraíochtaí carthanúla a bhunú agus a chothabháil,
- Comhlíonadh an Achta seo ag eagraíochtaí carthanúla a chinntiú, agus faireachán a dhéanamh ar an gcéanna,
- Imscrúduithe a dhéanamh de réir an Achta seo,
- Feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe ar mhodh treoirilínte, cód cleachtais agus doiciméad bunreachtúil eiseamláireach a eisiúint (nó, de réir mar is cú leis, a cheadú),
- Cibé gníomhaíochtaí a sheoladh nó cibé faisnéis (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) a fhoilsiú a bhaineann le heagraíochtaí carthanúla agus iontaobhais charthanúla agus is cú leis,
- Faisnéis (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) nó comhairle a sholáthar don Aire, nó tograí a chur faoina bhráid nó faoina bráid, maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna an Rialálaí.

Tá cláir chun tacú leis na feidhmeanna sin á bhforbairt ar bhonn céimnithe thar luathbhlianta obair an Rialálaí, agus an bhéim tosaigh á cur ar Chlár Carthanas reachtúil a fhorbairt den chéad uair riamh in Éirinn.

Tá dualgas ar an Rialálaí bheith neamhspleách agus gach ceann dá fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige. Tá an Rialálaí á rialú ag Bord atá comhdhéanta de chúig chomhalta dhéag a tharraingítear ó leasanna earnála carthanas agus ón lucht dlí agus cuntasachta agus a gceapann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais iad. Is é an Bord atá freagrach as treo straitéiseach na heagraíochta a leagan síos (féach an Comhaltas den Bhord thíos). Is é an Príomhfheidhmeannach atá freagrach as an Rialálaí a bhainistiú agus a riar.


Is é an Stáchtiste a chistíonn an Rialálaí trí leithdháileadh bliantúil ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is ionann an leithdháileadh don bhliain 2016 agus €2,665,000. Bíonn socruithe Rialachais Chorporáidigh don Rialálaí leagtha amach i gComhaontú Feidhmíochta bliantúil leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tá dhá bhall foirne is fiche ag obair sa Rialálaí faoi láthair (féach an chairt eagrúcháin ar an gcéad leathanach eile). Má táimid chun ár gCuspóirí Straitéiseacha a bhaint amach, beidh tuilleadh infheistíochta san eagraíocht ag teastáil thar an tréimhse a chuimsíonn an Straitéis. Má leithdháiltear cistiú méadaithe don bhliain 2016, beifear in ann baill foirne bhreise a earcú i roinnt réimsí tábhachtacha, lena n-áirítear forbairt beartais; clárú agus tuairisciú; comhlíonadh agus imscrúduithe; agus cumarsáid. Bunaithe ar ár measúnacht ar an leithdháileadh airgeadais is eol don bhliain 2016, tá sé mar aidhm againn 36 bhall foirne a bheith againn faoi dheireadh na bliana 2016.

Comhaltaí den Rialálaí Carthanas (amhail an 4 Feabhra 2016)

Patrick Hopkins (Cathaoirleach)
David Brady
Katie Cadden
Sandra Chambers
Cynthia Clampett
Anna Classon
Tom Costello
Patricia Cronin
Fergus Finlay
Ann Fitzgerald
Hugh Maddock
Barbara O'Connell
Graham Richards
Senan Turnbull
Noel Wardick

Struchtúr Reatha An Rialálaí Carthanas 2016



Ráiteas Straitéise

Ullmhaíodh an Ráiteas Straitéise seo de réir alt 29 den Acht Carthanas 2009. Forbraíodh é idir Meán Fómhair 2015 agus Eanáir 2016 faoi cheannaireacht ag Grúpa Stiúrtha Tionscadail um Fhorbairt Straitéise a bhí comhdhéanta d'Fhoghrúpa ina raibh an Bord agus Lucht Bainistíochta Feidhmiúcháin. D'éascaigh Genesis Consulting an obair sin freisin. Bhí forbairt an Ráitis Straitéise bunaithe ar agallaimh le leas-sealbhóirí roghnaithe agus ar chomhairliúchán poiblí ar líne a bhfuairamar beagnach 500 freagra air. Is féidir achoimre ar na freagraí sin a léamh ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí (www.charitiesregulator.ie).

Beidh comhlíonadh ár gCuspóirí Straitéiseacha á threorú freisin ag Pleananna Gnó Bliantúla ina leagfar amach táscairí feidhmíochta dár gcuid oibre.

Áirítear leis an Ráiteas Straitéise seo freisin ár bhFís don earnáil a ndéanaimid rialáil uirthi agus ár Misean mar údarás neamhspleách rialála. Is iad ár Luachanna a threoraíonn an dóigh a gcuirimid ár gcuid oibre i gcrích agus an dóigh a ndéanaimid caidreamh le carthanais agus lenár leas-sealbhóirí i gcoitinne. Leagtar amach sna Cuspóirí Straitéiseacha treo soiléir dúinn a ngabhann spriocanna agus gníomhartha sonracha leo agus raon táscairí a mbainfimid úsáid astu chun dul chun cinn thar an gcéad trí bliana eile a thomhas.



Fís

Earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil



Luachanna

- Neamhspleáchas
- Cothroime
- Oscailteacht
- Comhréireacht
- Foghlaim
- Caidreamh



Misean

An earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail d'fhonn comhlíonadh an dlí a chinntiú agus d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas i rialachas, i mbainistíocht agus i riarachán carthanas



Cuspóirí Straitéiseacha

- Clár poiblí agus creat tuairiscithe a bhunú agus a choinneáil do charthanais a oibríonn in Éirinn.
- Faireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil carthanais ag comhlíonadh a n-oibleagáidí dlíthiúla agus imscrúdú a dhéanamh ar aon sárúithe a bhraitear a bheith ann ar na hoibleagáidí sin.
- Caidreamh agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le gach leas-sealbhóir chun tacú leis an ról rialála atá againn.
- An Rialálaí a fhorbairt mar ghníomhaireacht rialála neamhspleách atá éifeachtach agus éifeachtúil.



Ár bhFís

Earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil.



Ár Misean

An earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail d'fhonn comhlíonadh an dlí a chinntiú agus d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas i rialachas, i mbainistíocht agus i riarachán carthanas.



Ár Luachanna

Neamhspleáchas

- Déanaimid cinntí go neamhspleách agus chun leas an phobail. Seasaimid lenár ngníomhartha agus lenár gcinntí agus glacaimid freagracht astu.

Cothroime

- Oibrimid go cothrom agus go neamhchlaon. Cuirimid ár nósanna imeachta i bhfeidhm go comhsheasmhach agus tugaimid údar lenár ngníomhartha agus lenár gcinntí.

Oscailteacht

- Glacaimid cur chuige oscailte agus trédhearcach i leith ár gcuid oibre. Cuirimid faisnéis ar fáil faoin dóigh a n-oibrimid agus faoin earnáil a ndéanaimid rialáil uirthi.

Comhréireacht

- Aithnímid an éagsúlacht ó thaobh méide agus acmhainne de atá ann i measc na n-eagraíochtaí a ndéanaimid rialáil orthu. Déanaimid rialáil ar bhealach comhréireach agus dírimid na hacmhainní atá ar fáil dúinn ar na réimsí lena mbaineann an riosca is mó.

Foghlaim

- Bíonn ár ngníomhartha agus ár gcinntí bunaithe ar fhianaise agus bíonn siad leabaithe i gcultúr foghlama. Bímid ag lorg bealaí i gcónaí chun feabhas a chur ar an dóigh a ndéanaimid ár gcuid oibre agus féachaimid le bheith údarásach inár réimse.

Caidreamh

- Déanaimid cumarsáid lenár leas-sealbhóirí agus éistimid leo. Féachaimid le saincheisteanna rialála a chuireann inní orthu a réamh-mheas agus le dul i ngleic leis na saincheisteanna sin.



Ár gCuspóirí Straitéiseacha

1

Cuspóir Straitéiseach a hAon - Clárú agus Tuirisciú

Clár poiblí agus creat tuairiscithe a bhunú agus a choinneáil do charthanais a oibríonn in Éirinn.

2

Cuspóir Straitéiseach a Dó - Comhlíonadh agus Imscrúdú

Faireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil carthanais ag comhlíonadh a n-oibleagáidí dlíthiúla agus imscrúdú a dhéanamh ar aon sárúithe a bhraitear a bheith ann ar na hoibleagáidí sin.

3

Cuspóir Straitéiseach a Trí - Caidreamh le Leas-Sealbhóirí

Caidreamh agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le gach leas-sealbhóir chun tacú leis an ról rialála atá againn.

4

Cuspóir Straitéiseach a Ceathair - Eagraíocht atá Éifeachtach agus Éifeachtúil

An Rialálaí Carthanas a fhorbairt mar ghníomhaireacht rialála neamhspleách atá éifeachtach agus éifeachtúil.



Cuspóir Straitéiseach a hAon – Clárú agus Tuairisciú

Clárú poiblí agus creat tuairiscithe a bhunú agus a choinneáil do charthanais a oibríonn in Éirinn.

	Spriocanna	Gníomhartha	Príomhtháscairí agus Bunspríocanna Inghnóthaithe
1.1.	Córas cláraithe éifeachtach a fhorbairt agus a choinneáil do charthanais.	Leanúint leis an gcóras cláraithe carthanas ar líne a fhorbairt agus feabhsuithe a dhéanamh air.	Suirbhéanna ar úsáid agus ar shástacht.
1.2.	Carthanais a chlárú de réir beartas agus próiseas cláraithe atá fónta ó thaobh an dlí de agus ar féidir leo grinnscrúdú a sheasamh.	<p>Caidreamh a dhéanamh le gach carthanas atá cláraithe go huathoibríoch leis an Rialálaí chun faisnéis cláraithe iomlán a fháil do gach ceann díobh.</p> <p>Caidreamh a dhéanamh le gach carthanas neamhchláraithe a bunaíodh roimh an 16 Deireadh Fómhair 2014 chun a chinntiú gurb eol dóibh go bhfuil oibleagáid orthu iarratas a dhéanamh ar chlárú roimh an 16 Aibreán 2016.</p> <p>Próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar chlárú a fhaightear ó charthanais a bunaíodh tar éis an 16 Deireadh Fómhair 2014.</p> <p>Ár mbeartais chláraithe agus ár nósanna imeachta cláraithe a chur ar bhonn foirmiúil agus leanúint le feabhas a chur orthu.</p>	<p>An líon carthanas atá cláraithe.</p> <p>Rátaí comhlánaithe d'iontrálacha ar Chlár na gCarthanas do charthanais a bhí cláraithe go huathoibríoch leis an Rialálaí ar a bhunú.</p> <p>Rátaí iarratais i measc carthanas neamhchláraithe a bunaíodh roimh an 16 Deireadh Fómhair 2014.</p> <p>An líon iarratas ar chlárú ó charthanais atá amuigh.</p> <p>An meán-am a tógadh idir cur isteach an iarratais agus clárú an charthanais.</p> <p>An líon achomharc a iarradh.</p> <p>An líon achomharc ar seasadh leo.</p>
1.3.	Córas tuairiscithe éifeachtach a bhunú agus a choinneáil do charthanais.	<p>Creat cuntasáiochta agus tuairiscithe a fhorbairt do charthanais.</p> <p>Dul i gcomhairle maidir leis an gcreat cuntasáiochta agus tuairiscithe.</p> <p>Treoir thacaíochta a fhorbairt d'úsáideoirí.</p> <p>Na ceanglais nua a chur in iúl do charthanais chláraithe.</p> <p>Na ceanglais nua a chur chun feidhme.</p>	<p>An líon tuarascálacha bliantúla atá amuigh.</p> <p>An líon tuarascálacha inar comhlíonadh na ceanglais nua.</p> <p>Suirbhéanna ar úsáid agus ar shástacht.</p>
1.4.	Trédhearcacht na hearnála carthanas a mhéadú.	Faisnéis faoi charthanais a fhoilsiú ar an gClár Carthanas poiblí.	Suirbhéanna ar úsáid agus ar shástacht.

Má bhaintear an Cuspóir seo amach go rathúil, beidh fás seasta ann thar thréimhse na Straitéise i dtreo cuimsiú iomlán a áirithiú maidir leis an líon carthanas cláraithe agus aitheanta atá againn in Éirinn. Tabharfaidh an méid sin léargas iontaofa den chéad uair riamh ar an raon iomlán carthanas atá ag obair. Méadóidh sé sin trédhearcacht maidir leis an earnáil agus cuirfidh sé le seasamh na hearnála i measc an phobail agus leis an iontaoibh atá ag an bpobal inti. Beidh sé ina acmhainn luachmhar maidir le pleanáil agus le forbairt na hearnála freisin.

Cuspóir Straitéiseach a Dó – Comhlíonadh agus Imscrúdú

Faireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil carthanas ag comhlíonadh a n-oibleagáidí dlíthiúla agus imscrúdú a dhéanamh ar aon sárúithe a bhraitear a bheith ann ar na hoibleagáidí sin.

	Spriocanna	Gníomhartha	Príomhtháscairí agus Bunspríocanna Inghnóthaithe
2.1.	Cúnamh a thabhairt do charthanas a n-oibleagáidí rialála a thuiscint agus a chomhlíonadh.	Treoir agus tacaíocht maidir le comhlíonadh a chur ar fáil d'iontaobhaithe carthanas. Treoir agus tacaíocht maidir leis an dea-chleachtas a chur ar fáil d'iontaobhaithe carthanas. Tacú le húsáid éifeachtach maoiní carthanas trí sheirbhísí a sholáthar d'iontaobhaithe.	Suirbhéanna ar úsáid agus ar shástacht.
2.2.	Faireachán a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil carthanas ag comhlíonadh a n-oibleagáidí rialála.	Clár faireacháin ar chomhlíonadh a fhorbairt do charthanas chláraithe.	An líon gnáthimeachtaí faireacháin a cuireadh i gcrích.
2.3.	Neamh-chomhlíonadh a bhraitear a bheith ann a imscrúdú de réir nósanna imeachta eatramhacha.	Nósanna imeachta eatramhacha a chur chun feidhme chun imscrúdú a dhéanamh ar neamh-chomhlíonadh a n-oibleagáidí ag iontaobhaithe carthanas.	An líon gearán a fuarthas. An líon imscrúduithe a cuireadh i gcrích.
2.4.	Bearta éifeachtacha a dhéanamh chun dul i ngleic le fadhbanna comhlíonta.	Moltaí cuí maidir le gníomh feabhais a dhéanamh d'iontaobhaithe carthanas nuair is gá agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí sin.	Cur chun feidhme an ghnímh feabhais chuí ag iontaobhaithe carthanas. An líon sárúithe ar chomhlíonadh a réitíodh go sásúil. An líon agus an cineál gníomhartha rialála a rinneadh.
2.5.	Rochtain a bheith againn ar chumhachtaí imscrúdaithe reachtúla.	Beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt, a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun leas a bhaint as cumhachtaí imscrúdaithe reachtúla.	Nósanna imeachta imscrúdaithe iomlána a ghlacadh agus a chur chun feidhme.

Má bhaintear an Cuspóir seo amach go rathúil, cuirfear leis an tuiscint atá ag carthanas ar a n-oibleagáidí oibriú de réir na gcaighdeán is airde rialachais chorparáidigh agus riaracháin agus beidh feachtas mhéadaithe ag iontaobhaithe ar a n-oibleagáidí sonracha. Mar thoradh air sin, gheobhaidh an pobal agus cisteoirí eile carthanas dearbhú méadaithe ar a éifeachtaí agus ar a éifeachtúlacht atá na carthanas a n-infheistíonn siad iontu.

Cuspóir Straitéiseach a Trí – Caidreamh le Leas-Sealbhóirí

Caidreamh agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le gach leas-sealbhóir chun tacú leis an ról rialála atá againn.

	Spriocanna	Gníomhartha	Príomhtháscairí agus Bunspricanna Inghnóthaithe
3.1.	Trédhearcacht na hearnála carthanas a mhéadú.	Faisnéis faoi charthanas a fhoilsiú ar an gClár Carthanas poiblí.	Suirbhéanna ar úsáid agus ar shástacht.
3.2.	Cúnamh a thabhairt do charthanas a n-oibleagáidí rialála a thuiscint agus a chomhlíonadh.	Treoir agus tacaíocht shoiléir maidir le comhlíonadh a chur ar fáil d'iontaobhaithe carthanas. Treoir a fhorbairt maidir le cad is ciall leis an obair a dhéanann carthanas.	Suirbhéanna ar úsáid agus ar shástacht. Treoir a bheith forbartha agus foilsithe.
3.3.	A bheith freagrúil do riachtanais leas-sealbhóirí.	Dul i mbun comhairliúchán le leas-sealbhóirí ar obair an Rialálaí a d'fhéadfaí dul i bhfeidhm orthu. Painéal Comhairleach ar Thiomsú Airgid a bhunú.	An líon imeachtaí cumarsáide pleanálte a ndeachthas ina mbun. An líon comhairliúcháin a ndeachthas ina mbun. An líon cruinnithe comhairliúcháin le leas-sealbhóirí a ndeachthas ina mbun. An t-aiseolas a bailíodh ó rannpháirtithe le linn imeachtaí agus ina ndiaidh.
3.4.	A bheith oscailte agus trédhearcach maidir lenár gcuid oibre.	Faisnéis a fhoilsiú faoinár gcuid oibre. Ár suíomh Gréasáin a fhorbairt mar chroí-uirlis faisnéise agus cumarsáide.	Príomhtháscairí feidhmíochta maidir le cuairteanna ar an suíomh Gréasáin. Suirbhéanna ar úsáid agus ar shástacht.
3.5.	Caidreamh a fhorbairt le leas-sealbhóirí tábhachtacha stáit d'fhonn comhleanúnachas agus éifeachtúlacht a chinntiú sa chaidreamh le carthanas chláráithe agus d'fhonn dúbláil a íoslaghdú.	Socruithe amhail Meabhráin Tuisceana a fhorbairt le húdaráis ábhartha..	An líon Meabhrán Tuisceana nó an líon socruithe eile a cuireadh i bhfeidhm. Aiseolas ó leas-sealbhóirí maidir le raon feidhme na socruithe atá i bhfeidhm agus maidir lena éifeachtáil atá na socruithe sin.

Cuspóir Straitéiseach a Trí – Caidreamh le Leas-Sealbhóirí (ar lean)

	Spriocanna	Gníomhartha	Príomhtháscairí agus Bunspricanna Inghnóthaithe
3.6.	Comhairle a chur ar an Aire agus ar leas-sealbhóirí eile beartais maidir le hábhair a bhaineann lenár bhfeidhmeanna.	<p>Moltaí a dhéanamh don Aire maidir le rialacháin chuntasaíochta agus tuairiscithe carthanas.</p> <p>Moltaí a dhéanamh don Aire maidir le tiomsú airgid ag carthanas a rialáil.</p> <p>Moltaí a dhéanamh don Aire maidir le tosach feidhme céimnithe na bhforálacha den Acht Carthanas 2009 atá fós amuigh.</p> <p>Tacú le tomhas agus le tagarmharcáil a dhéanamh ar an tionchar geilleagrach agus sóisialta a imríonn an earnáil carthanas.</p>	<p>An líon moltaí a rinneadh don Aire.</p> <p>An méid comhairle beartais a foilsíodh.</p> <p>An rianú a rinneadh ar an nglacacht don chomhairle agus ar chur chun feidhme na comhairle.</p> <p>Anailís agus comhairle a bheith foilsithe.</p>
3.7.	Ár ról, ár sainordú agus ár bpríomhtheachtaireachtaí a chur in iúl do leas-sealbhóirí agus don phobal mór.	Straitéis cumarsáide a fhorbairt, a ghlacadh agus a thosú.	<p>An straitéis cumarsáide a bheith forbartha, glactha agus curtha chun feidhme.</p> <p>Taighde bonnlíne (2016) ar fheasacht agus ar eolas an phobail; taighde rianaithe is féidir a chur i gcomparáid leis an mbonnlíne.</p>

Má bhaintear an Cuspóir seo amach go rathúil, beidh feasacht níos airde agus eolas níos fearr ann i measc na hearnála carthanas agus an phobail leasmhair mhóir ar an raon carthanas atá ag obair agus ar an luach agus ar an leas pobail a chuireann siad ar fáil chun tacú le cúiseanna fiúntacha. De réir mar a mhéadaíonn muinín as an earnáil, beidh muinín mhéadaithe ag deontóirí féideartha go mbíonn a ranníocaíochtaí ag freastal ar riachtanais shóisialta inmhianaithe agus go mbíonn úsáid mhaith á baint astu. Má táimid chun caidreamh le leas-sealbhóirí a fhorbairt, beidh sé rithábhachtach méadú a dhéanamh ar an leibhéal tuisceana atá ann ar an reachtaíocht agus ar an gceanglas chun clárú.

Cuspóir Straitéiseach a Ceathair – Eagraíocht atá Éifeachtach agus Éifeachtúil

An Rialálaí a fhorbairt mar údarás neamhspleách rialála atá éifeachtach agus éifeachtúil.

	Spriocanna	Gníomhartha	Príomhtháscairí agus Bunspricanna Inghnóthaithe
4.1.	An eagraíocht a fhorbairt ionas go dtacóidh a struchtúr lenár misean agus go gcuirfead na hacmhainní atá ar fáil dúinn in ord tosaíochta de réir spriocanna straitéiseacha agus dúshlán oibriúcháin atá ag teacht chun cinn.	<p>Pleananna Gnó Bliantúla a ullmhú agus a ghlacadh chun tacú le cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh.</p> <p>Obair a dhéanamh leis an Roinn Dí agus Cirt agus Comhionannais chun an soláthar foirne a mhéadú thar thréimhse na straitéise d'fhonn tacú le cuspóirí a chomhlíonadh ar bhonn céimnithe.</p> <p>Nearú a dhéanamh ar an gcumas eagrúcháin atá ann freastal ar riachtanais ghnó i dtimpeallacht a bhíonn ag athrú.</p> <p>Tacú le caidreamh leis an bhfoireann agus infheistíocht a dhéanamh in oiliúint chun a chinntiú gur ag an bhfoireann ar fad atá na scileanna agus na hacmhainní a theastaíonn uathu chun cabhrú le spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.</p> <p>Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe rialachais agus riaracháin do chistí atá á sealbhú thar ceann carthanas agus na socruithe sin a neartú nuair is gá.</p>	<p>Pleananna Gnó Bliantúla a ghlacadh agus a chur chun feidhme.</p> <p>An líon fostaithe coibhéise lánaimseartha atá fostaithe.</p> <p>Athbhreithnithe leanúnacha ar an Straitéis agus ar Phleananna Gnó Bliantúla a bheith déanta.</p> <p>An líon laethanta oiliúna a cuireadh i gcrích.</p> <p>Suirbhéanna ar shástacht fostaithe.</p>
4.2.	Córas TF lena dtacaítear le gach seirbhís a bhíonn ag déileáil go díreach le cliaint an úsáid uasta a bhaint as seirbhísí digiteacha.	<p>Treochlár um Sheirbhísí Digiteacha a fhoilsiú.</p> <p>Forbairt a dhéanamh ar Sheirbhísí atá Dírithe ar an Úsáideoir agus a thacaíonn le ceanglais charthanas agus le seirbhísí Acht 1961 a chomhtháthú.</p> <p>Aschur staidrimh as an gcóras a úsáid chun trédhearcacht níos fearr a chur ar fáil agus chun tacú le beartais atá bunaithe ar fhianaise.</p> <p>Forbairt a dhéanamh ar Mhodúl Faisnéise Riosca lena dtacaítear le hobair comhlíonta agus imscrúdaithe.</p>	<p>An Treochlár um Sheirbhísí Digiteacha a bheith foilsithe.</p> <p>An líon idirbheart digiteach a próiseáladh.</p> <p>Suirbhé ar Eispéiris Dhigiteacha (ar gné é de na suirbhéanna ar úsáid agus ar shástacht).</p>

Cuspóir Straitéiseach a Ceathair – Eagraíocht atá Éifeachtach agus Éifeachtúil (ar lean)

	Goals	Actions	Key Indicators and Deliverables
4.3.	Ardchaighdeáin rialachais a ghlacadh agus a choinneáil.	A chinntiú go bhfuil socruithe cúí rialachais agus bainistíochta i bhfeidhm.	An líon cruinnithe Boird agus Coiste a tionóladh. Caighdeáin/cóid rialachais a bheith glactha. Caidreamh gníomhach i measc comhaltaí den Bhord. Trédhearcacht maidir le cinntí Boird. Rialachas agus oibriú an Rialálaí a thagarmharcáil in aghaidh eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta den chineál céanna.
4.4.	Cumhachtaí reachtúla breise a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe chun tacú le soláthar méadaithe seirbhíse.	Moltaí a dhéanamh don Aire maidir le tosach feidhme céimnithe na bhforálacha den Acht Carthanas atá fós amuigh, maidir le tosach feidhme céimnithe aon reachtaíochta tánaistí tacaíochta a theastaíonn agus maidir le hacmhainní breise a chur ar fáil.	Moltaí a bheith déanta agus comhaontaithe.
4.5.	Luach ar airgead a chur ar fáil.	Ceanglais phoiblí chuntasachta airgeadais a chomhlíonadh.	An mhéadracht airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil.

Má bhaintear an Cuspóir seo amach go rathúil, beidh Bord agus foireann inspreagtha againn. Bainfidh foireann ceannaireachta láidir agus thiomnaithe tairbhe as tarmligean cúí maidir le hoibríochtaí laethúla. Beidh bonneagar éifeachtach TF ag an Rialálaí, rud a fhágfaidh go mbeidh clárú agus comhlíonadh trédhearcach agus chomh simplí agus is féidir do chliant. De réir mar a bhaineann an Rialálaí cobhsaíocht amach agus go dtagann sé in aibíocht, feidhmeoidh sé go maith i gcomparáid lena mhacasamhlacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.



**An Rialáilí
Carthanas**
**Charities
Regulator**

Teileafón: 01-633 1500
Ríomhphost: info@charitiesregulator.ie